



CÁIPÉIS SHAMPLACH Í SEO AMHÁIN. NÁ COMHLÁNAIGH Í.

## Samhail Rochtana agus Chuimsithe COLÓ

### Leibhéal 5 – Caipiteal

#### Treoir maidir le d'iarratas a chomhlánú

Sula gcuirtear tús leis an bpróiseas iarratais seo, cinntigh, le do thoil, go gcomhlíonann tú na riachtanais bhunúsacha incháilitheachta a leanas:

1. Bheith mar sheirbhís reatha atá ina shuíomh cláraithe réamhscoile faoi chonradh beo an RLGÓ chun Clár COLÓ a sholáthar
2. Go bhfuil an t-iarratas seo á chomhlánú agat i gcomhar le tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir an linbh agus go bhfuil a dtoilíú sínithe feasach agat
3. Go gcáilítear an leanbh do chlár COLÓ, i.e. gur rugadh é/í idir an 1 Eanáir 2012 agus an 31 Márta 2014
4. Tá/beidh an leanbh sin i seomra COLÓ atá/a bheidh rannpháirteach i gclár COLÓ
5. Bheith comhlíontach i dtaobh cánach de agus Deimhniú Imréitigh Cánach (UDIC) nó Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach agus Uimhir Chláraithe Cánach (UCC) atá cothrom le dáta a bheith agat

#### **Céim 1: Toiliú Feasach**

- Sula dtosaíonn tú leis an bhfoirm iarratais a chomhlánú, léigh [Treoirlínte Maidir le Caipiteal Leibhéal 5 AIM](#), le do thoil. Déan breithniú iomlán le tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir an linbh ar cén tacaíochtaí caipitil a theastaíonn agus lena mbaineann ríthábhacht le rochtain agus rannpháirtíocht an linbh i gclár COLÓ i do sheirbhís a chumasú.
- Comhairle a lorg ó do Choiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae, faoi mar a theastaíonn.
- Léigh an Ráiteas Príobháideachais agus déan cóip den 'Toiliú Feasach' a asphriontáil agus iarr ar an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir chun é a léamh agus a shíniú.

#### **Céim 2: Tuairiscí Gairmiúla**

- Ó na treoirlínte, deimhnigh cén tuairiscí gairmithe 'ainmnithe' a bheidh ort a sheoladh ar aghaidh leis an iarratas.
- Deimhnigh leis an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir go bhfuil tú sásta go gcomhlíonann an tuairisc/na tuairiscí na riachtanais incháilitheachta, de réir na dtreoirlínte

#### **Céim 3: Meastacháin**

Arna Fhoilsiú: an 13 Meitheamh 2016

- Má dhéanann tú iarratas ar mhionathruithe, ní mór meastacháin a lorg ag céim an iarratais i gcomhréir le nósanna imeachta soláthair phoiblí, faoi mar a luaitear sna treoirlínte. Ní theastaíonn ach an meastachán a roghnaigh tú, áfach, a cheangal leis an iarratas.

## CÁIPÉIS SHAMPLACH Í SEO AMHÁIN. NÁ COMHLÁNAIGH Í.

- Ní theastaíonn meastacháin le haghaidh trealaimh (áiseanna agus fearais). Má fhaomhtar iad, déanfaidh Pobal soláthar trealaimh a bhainistiú go díreach.

### Céim 4: Comhlánú an Iarratais

Iarrtar ort an fhoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán.

- Féadtar an tIarratas ar Chaipiteal a shábháil mar dhréacht sula seoltar ar an PIP ar aghaidh. A luaithe a iontráiltear UPSP an linbh ar an Iarratas, áfach, ní mór an tIarratas a sheoladh ar aghaidh nó ní mór an UPSP a bhaint chun an fhoirm a shábháil mar dhréacht. Ní bheidh tú in ann an t-Iarratas a sheoladh ar aghaidh ach a luaithe a chomhlánaítear gach réimse lena ngabhann\*.
- Sa chás gur chláraigh leanbh COLÓ cheana féin ar an PIP, féadtar an uimhir Chláraithe nó Uimhir Aitheantais na Próifíle a úsáid, anuas ar ainm iomlán agus dáta breithe an linbh seachas an UPSP nuair a sheoltar an t-Iarratas ar aghaidh ar an PIP.
- Cinntigh go bhfuil gach cáipéis tacaíochta, ar nós tuairiscí agus meastachán ceangailte laistigh den fhoirm, sa chás go n-Iarrtar. Cinntigh go ndéanann tú cáipéisí a scanadh agus an ghléine is ísle á húsáid sula gceanglaítear iad. Ná déan tuairiscí gairmithe ar a bhfuil meastacháin a scanadh isteach sa cháipéis chéanna (i.e. coimeád ar leithligh iad). Ní theastaíonn Tuairiscí Iomlána Measúnaithe Leighis.

### Céim 5: I ndiaidh duit an tIarratas a Sheoladh

- A luaithe a sheolann tú d'Iarratas ar líne ar aghaidh, ní féidir an fhoirm a chur in eagar agus ní féidir aon cháipéisí breise a cheangal leis an bhfoirm ar líne seo
- Sa chás go sainaithnímid go bhfuil faisnéis ar iarraidh nó go dteastaíonn soiléiriú uaidh, cuirfimid ar an eolas thú agus athoscloimid an fhoirm ar líne chun ligean duit eagarthóireacht a dhéanamh nó cáipéisí a bhí ar iarraidh a cheangal. Má thugann tú earráid faoi deara i d'Iarratas i ndiaidh gur seoladh ar aghaidh é, iarrtar ort sinn a chur ar an eolas trí ríomhphost a sheoladh chuig [aimteam@pobal.ie](mailto:aimteam@pobal.ie) (ná seol sonraí íogaire ar ríomhphost)
- I ndiaidh go bhfaightear d'Iarratas ar líne, seolfaidh Pobal 'fáltas seolta' ar ríomhphost chugat agus chuig an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir. Ansin déanfaidh Pobal athbhreithniú agus cinneadh ar an Iarratas. Cuirfidh Pobal thú agus an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir ar an eolas ar an gcinneadh a dhéanfar ar d'Iarratas.
- Sa chás go n-éiríonn le d'Iarratas, beidh Pobal freagrach as gach próiseas conarthach a chomhlánú leat agus sa chás gurb infheidhme, as íocaíochtaí a eisiúint, trealamh agus gach caiteachas agus riachtanas comhlíonta/deimhnithe ina dhiaidh sin.
- Sula dtosaíonn tú leis an bhfoirm iarratais a chomhlánú, léigh Treoirínite Maidir le Caipiteal Leibhéal 5 AIM, le do thoil. Déan breithniú iomlán le tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir an linbh ar cén tacaíochtaí caipitil a theastaíonn agus lena mbaineann ríthábhacht le rochtain agus rannpháirtíocht an linbh i gclár COLÓ i do sheirbhís a chumasú.

Iarratas

Uimhir Aitheantais: kk000123

Stádas: Seolta

## Sonraí faoin Iarratasóir

|                                  |                           |
|----------------------------------|---------------------------|
| Ainm na Réamhscoile              | Uathchomhdaithe ag an PIP |
| Seoladh na Réamhscoile           | Uathchomhdaithe ag an PIP |
| Uimhir Thagartha an RLGÓ         | Uathchomhdaithe ag an PIP |
| Ainm an Iarratasóra              | Uathchomhdaithe ag an PIP |
| Ainm Bhainisteoir na Réamhscoile | Uathchomhdaithe ag an PIP |
| Ríomhphost na Réamhscoile        | Uathchomhdaithe ag an PIP |

Sula dtosaíonn tú leis an iarratas a chomhlánú, ní mór don tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir agus bainisteoir na réamhscoile [Treoirlínte Maidir le Caipiteal Leibhéal 5 AIM](#) a léamh.

Anuas air sin, iarrtar ar an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir chun [foirm um Thoiliú Feasach AIM](#) a léamh agus a asphriontáil. Mar chuid de Tús Níos Fearr AIM, teastaíonn toiliú tuismitheora chun faisnéis a roinnt a bhaineann lena leanbh leis na gairmithe ábhartha chun ullmhú agus pleanáil a dhéanamh do chuimsiú an linbh i suíomh na réamhscoile.

Deimhním gur léigh an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir agus bainisteoir na réamhscoile an cháipéis teorach agus gur shínigh agus gur cheangail an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir an fhoirm um thoiliú feasach.

Deimhním gur léigh an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir agus bainisteoir na réamhscoile Ráiteas Príobháideachais AIM agus go bhfuil bainisteoir na réamhscoile ar an eolas ar a ndualgais faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Iarrtar ort an Dearbhú Sínithe um Thoiliú Feasach a cheangal

Tá an dearbhú um Thoiliú Feasach seolta ar ghaidh cheana féin leis an bPróifíl Rochtana agus Chuimsithe

## Sonraí faoin Tuismitheoir agus faoin Leanbh

## Faisnéis faoin Leanbh

Céadainm

Sloinne Dáta

Breithe

Inscne

UPSP

Uimhir Aitheantais an Chlárúcháin Reatha/na Próifíle

Tá an Leanbh Cláraithe Cheana Féin *Seiceáil uathobrithe an PIP*

Dáta Pleanáilte Tosaigh

Líon Pleanáilte na Laethanta

## Faisnéis faoin Tuismitheoir/Caomhnóir/Cúramóir

**CÁIPÉIS SHAMPLACH Í SEO AMHÁIN. NÁ COMHLÁNAIGH Í.**

|          |  |
|----------|--|
| Céadainm |  |
| Sloinne  |  |

## CÁIPÉIS SHAMPLACH Í SEO AMHÁIN. NÁ COMHLÁNAIGH Í.

|   |  |
|---|--|
| Uimhir Theagmhála                       |  |
| Ríomhphost                              |  |
| Seoladh                                 |  |
| <b>Iarratas ar Sheirbhís (roghanna)</b> |  |
| Bailíochtú an UPSP                      | <i>Teastóidh seo sa chás nach n-éiríonn le sonraí an linbh i</i>   |
| Eile                                    | <i>Úsáid an rogha seo, le do thoil, chun faisnéis bhreise a sheoladh ar aghaidh, sa chás go dteastaíonn sé nó go n-iarrtar air</i> |

## Tacaíochtaí Sláinte

|   | Thug | Níor Thug |                |
|---|------|-----------|----------------|
| Ar thug gairmí sláinte atá ag oibriú le haghaidh nó thar ceann FSS, faoi mheasúnú ar an leanbh?   |      |           |                |
| <b>Sa chás gur thug gairmí sláinte atá ag oibriú le haghaidh nó thar ceann FSS faoi mheasúnú ar do leanbh, iarrtar ort a thabhairt le fios ón liosta thíos cén seirbhísí sláinte a moladh agus cén seirbhísí sláinte atá á soláthar faoi láthair mar thoradh ar an measúnú.</b> |      |           |                |
|   | N/B  | Molta     | Curtha ar fáil |
| Teiripe Shaothair   |      |           |                |
| Teiripe Urlabhra agus Teanga  |      |           |                |
| Fisiteiripe   |      |           |                |
| Síceolaíocht  |      |           |                |
| Seirbhís  |      |           |                |
| Coisliachta   |      |           |                |
| Tacaíochtaí sláinte eile  |      |           |                |
| Iarrtar ort cur síos a sholáthar ar cén seirbhísí sláinte eile a moladh nó a soláthraíodh   |      |           |                |
|   | Tá   | Níl       |                |
| Tabhair le fios, le do thoil, má tá tú ag fanacht ar sheirbhísí   |      |           |                |

## Iarratas ar Chistiú Caipitil

| <b>Roghnaigh saghas an Togra</b><br><i>(is féidir breis agus rogha a amháin a roghnú)</i>      |  |
|--|--|
| Mionathruithe  |  |
| Trealamh do leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú amhairc nó atá bodhar/ar a bhfuil lagú éisteachta |  |
| Trealamh do leanaí atá faoi gach saghas eile de mhíchumas                                      |  |

## Mionathruithe

### Roghnaigh Saghas na Mionathruithe a Bheartaítear

(is féidir leat breis agus rogha amháin a roghnú)

Rochtain Isteach/Amach ó shuíomh/sheomra COLÓ

Rochtain chuig/ó limistéir Athchumrú limistéir

leithris/friothála

Athchumrú laistigh de sheomra COLÓ chun

éascaíocht rochtana agus spás ciúin a éascú

Eile

Má bhíonn 'Eile' i gceist, iarrtar ort sonraí a sholáthar

Soláthair cur síos gearr, le do thoil, ar na mionathruithe atá á n-iarraidh

Tá Níl

Ar mhol duine de ghairmithe ainmnithe cúram sláinte FSS na mionathruithe a bheartaítear, faoi mar a shonraítear sna treoirínte?

Ar mhol Ailtire/Innealtóir na mionathruithe a bheartaítear?

**Ceangail Tuairisc Ghairmí amháin nó níos mó a dhéanann an méid a leanas a dheimhniú:**

**Ceangaltá(i)n**

a) go dteastaíonn na hoibreacha mionathraithe a bheartaítear agus go mbaineann ríthábhacht leo chun rannpháirtíocht an linbh a chumasú i gclár COLÓ i suíomh na réamhscoile seo

b) go gcomhlíonann na hoibreacha mionathraithe a bheartaítear na Rialacháin Foirgníochta (Leasú Chuid M), 2010 (i gcás Ailtire/Innealtóra)

An bhfuil d'éagraíocht cláraithe le haghaidh CBL?

Tá

Níl

*Má tá tú cláraithe tú le haghaidh CBL, ní mór duit GACH figiúr a iontráil agus CBL san áireamh*

Iarrtar ort miondealú achomair a thabhairt ar chostais ar tugadh meastachán dóibh de réir shaghas an mhionathraithe i gcomhréir le treoirínte an iarratais

Rochtain Isteach/Amach ó shuíomh na réamhscoile €

Rochtain chuig/ó limistéir súgartha €

Athchumrú limistéir leithris/friothála €

Athchumrú laistigh de sheomra COLÓ chun €

rochtain agus spás ciúin a éascú

Eile

CÁIPÉIS SHAMPLACH Í SEO AMHÁIN. NÁ COMHLÁNAIGH Í.  
€

CÁIPÉIS SHAMPLACH Í SEO AMHÁIN. NÁ COMHLÁNAIGH Í.



CÁIPÉIS SHAMPLACH Í SEO AMHÁIN. NÁ COMHLÁNAIGH Í.

|  |                      |
|--|----------------------|
| Costas iomlán na mionathruithe a bheartaítear  | € uathshuim          |
| Iontráil costas lomlán tháillí gairmiúla an ailtire/an innealtóra<br>(más infheidhme) (€300 ar a mhéid, CBL san áireamh)   | €                    |
| Costas iomlán na mionathruithe a bheartaítear agus na dtáillí gairmiúla  | € uathshuim          |
| Iontráil méid an deontais a iarrtar<br>(€7,000.00 ar a mhéid, CBL san áireamh)   | €                    |
| Cistí féin chun an tionscadal a chríochnú  | € uathshuim          |
| <p><b>Ceangail meastachán bailí amháin, ar a laghad, le do thoil, chun tacú le méid an deontais a iarrtar.</b></p> <p><i>NÓTA: Go measfar go bhfuil meastachán bailí, ní mór go gcuimsítear an fhaisnéis a leanas ann:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• A bheith dátaithe laistigh de 3 mhí sula ndearnadh an t-iarratas</li> <li>• Bheith ar pháipéar ceannteidil</li> <li>• Uimhir CBL a áireamh leis</li> <li>• A bheith miondealaithe go soiléir</li> <li>• Sa chás go gceanglaítear breis agus meastachán amháin, ní mór go bhfuil siad ó sholáthraithe éagsúla.</li> </ul> | <b>Ceangaltá(i)n</b> |

**Trealamh**

|  |  |
|--|--|
| <p>Soláthair cur síos gearr, le do thoil, ar an Trealamh atá á iarraidh</p>  |  |
| <p>Ar mhol Múinteoir ar Cuairt de chuid an ROS an trealamh?</p>  |  |
| <p>Ar mhol duine de ghairmithe ainmnithe cúram sláinte FSS an trealamh a bheartaítear, faoi mar a shonraítear sna treoirlínte?</p>   | <p style="text-align: center;"> <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/><br/> <b>Ceangaltá(i)n</b> </p> |
| <p><b>Ceangail cóip den Litir Mholta, le do thoil, ón Múinteoir ar Cuairt nó Tuairisc an Ghairmí Sláinte a dheimhníonn an méid a leanas:</b></p> <p>a) go dteastaíonn an trealamh a bheartaítear, agus go mbaineann ríthábhacht leis chun rochtain agus rannpháirtíocht an linbh a chumasú i gclár COLÓ i suíomh na réamhscoile seo, agus b) níl an trealamh a bheartaítear ar fáil cheana féin i suíomh na réamhscoile nó ní féidir é a aistriú chuig agus a úsáid i suíomh na réamhscoile:</p> | <p style="text-align: center;"> <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/> </p>                           |
| <p><b>Tá</b>                      <b>Níl</b></p>   |  |

## An tIarratas an Sheoladh ar Aghaidh

|  |                          |
|--|--------------------------|
| Deimhním go mbeidh an leanbh atá mar ábhar an iarratais seo i seomra COLÓ mo sheirbhíse agus go gcuirfear clár COLÓ ar fáil dó/di  | <input type="checkbox"/> |
| Deimhním go ndéanfar aon oibreacha deontas caipitil i gcomhlíonadh <a href="#">Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016</a>  | <input type="checkbox"/> |
| Deimhním nach ndearnadh aon chostais mhionathraithe, nó aon chuid díobh, nó aon ghné de na mionathruithe a bheartaítear san iarratas seo a chaitheamh nó a cheannach. Ní mór go ndéantar gach earra nó seirbhís a cheannaítear (gan táillí gairmiúla a áireamh) i ndiaidh dháta faofa an iarratais seo.                                    | <input type="checkbox"/> |
| Deimhním go gcomhlíonaim/gcomhlíonaimid gach ceanglas reachtúil soláthair maidir le haon Deontas a bhronntar.<br><i>NÓTA: Seo a leanas na ceanglais reatha:</i>  | <input type="checkbox"/> |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>I dtaobh oibreacha foirgníochta agus deisiúcháin a chosnaíonn níos lú ná €5,000, teastaíonn meastachán/tairiscint scríofa amháin.</li> </ul>  | <input type="checkbox"/> |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>I dtaobh oibreacha foirgníochta agus deisiúcháin a chosnaíonn idir €5,000 agus níos lú ná nó cothrom le €25,000, teastaíonn 3 mheastachán/thairiscint scríofa, ar a laghad.</li> </ul>  | <input type="checkbox"/> |
| Deimhním go gcaithfear agus go dtuairiscítear go hiomlán an cistiú a iarrtar faoi na dátaí a dtugtar cuntas orthu sna treoirlínte don iarratasóir.   | <input type="checkbox"/> |
| Deimhním, thar ceann an úinéara dhlíthiúil, sa chás gurb ionann costas iomlán an tionscadail agus os cionn €7,000; Go bhfuil i bhfeidhm agam/againn na cistí breise chun an tionscadal a chríochnú agus seolfaidh mé/seolfaimid fianaise ina leith seo ar aghaidh lenár n-éilimh chaiteachais.   | <input type="checkbox"/> |
| Deimhním mo thiomantas lena chinntiú go mbeidh Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC) nó Deimhniú Imréitigh Cánach nó C2 Bailí ag soláthraithe do chostais €10,000 nó os a chionn (CBL san áireamh), a choimeádfaidh mé/a choimeádfaimid ar feadh 7 mbliana, ar a laghad, i ndiaidh thréimhse an tsoláthair go ndéanfar cigireacht orthu. | <input type="checkbox"/> |
| Deimhním go bhfuil cead faighte agam ón úinéir dlíthiúil chun tabhairt faoi na mionathruithe faoi mar a dtugtar cuntas orthu san iarratas seo: Tabhair faoi deara, ní mór go bhfuil fianaise ina thaobh seo curtha ar fáil le haghaidh éileamh nó cigireachtaí a dhéanfar amach anseo.   | <input type="checkbox"/> |
| Deimhním gur údaraigh an Bord Bainistíochta/Úinéir na Seirbhíse an t-iarratas seo a sheoladh ar aghaidh agus cloífidh sé/sí le Ráiteas Príobháideachais AIM  |                          |
| Deimhním, nuair a iarrtar orm go gcuirfear an fhoireann ábhartha go léir ar fáil chun tabhairt faoi oiliúint ar úsáid an trealaimh atá á sholáthar faoi AIM  |                          |

Comhlánaithe ag  
Dáta

Uathchomhdaithe  
Uathchomhdaithe

**SEOL**